



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 11 Feabhra 2021
(OR. en)

5136/21

LIMITE

PECHE 5
UK 35

**Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0036(NLE)**

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	11 Feabhra 2021
chuig:	Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2021) 68 final
Ábhar:	Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sna comhairliúcháin leis an Ríocht Aontaithe chun gabhálacha iomlána incheadaithe (TACanna) a chomhaontú le haghaidh 2021 agus i leith stoic áirithe dhomhainfharraige le haghaidh 2021 agus 2022

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 68 final.

Faoi iamh: COM(2021) 68 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 11.2.2021
COM(2021) 68 final

2021/0036 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sna
comhairliúcháin leis an Ríocht Aontaithe chun gabhálacha iomlána incheadaithe
(TACanna) a chomhaontú le haghaidh 2021 agus i leith stoic áirithe dhomhainfharraige
le haghaidh 2021 agus 2022**

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo le Cinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sna comhairliúcháin leis an Ríocht Aontaithe chun gabhálacha iomlána incheadaithe (TACanna) a bhunú le haghaidh na bliana 2021 agus i leith stoic áirithe dhomhainfharraige le haghaidh na mblianta 2021-2022.

2. COMHTHÉACS AN TOGRA

Tháinig an Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile ('An Comhaontú Trádála agus Comhair')¹, i bhfeidhm go sealadach an 1 Eanáir 2021².

Thoiligh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe ('Na Páirtithe') go n-oibreoidís i gcomhar le chéile d'fhonn a áirithiú go mbeidh gníomhaíochtaí iascaireachta ar stoic chomhroinnte ina n-uiscí inbhuanaithe san fhadtéarma ó thaobh an chomhshaoil de agus go rannchuideoidh siad le tairbhí eacnamaíocha agus sóisialta a bhaint amach, agus cearta agus oibleagáidí na Stát cósta neamhspleách á n-urramú go hiomlán de réir mar a fheidhmíonn na Páirtithe iad.

An t-aon chuspóir amháin atá ag an dá Pháirtí stoic chomhroinnte a shaothrú ag rátaí atá beartaithe chun an speiceas atá á shaothrú a choinneáil agus a athbhunú, de réir a chéile, os cionn na leibhéal bithmhaise atá in acmhainn an uastáirgeacht inbhuanaithe a tháirgeadh.

De bhun Airteagal FISH.6 den Chomhaontú Trádála agus Comhair, tá na Páirtithe le dul i mbun comhairliúchán chun teacht ar chomhaontú maidir le TACanna le haghaidh na bliana dár gcionn.

Dá bhrí sin, rachaidh an Coimisiún, thar ceann an Aontais, i mbun comhairliúcháin leis an Ríocht Aontaithe maidir leis na deiseanna iascaireachta a shocrú i leith stoic chomhroinnte le haghaidh 2021 agus i leith stoic áirithe dhomhainfharraige le haghaidh 2021-2022.

Le Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³, foráiltear go bhfuil an tAontas lena áirithiú go mbeidh gníomhaíochtaí iascaireachta agus do Bharshaothraithe inbhuanaithe san fhadtéarma ó thaobh an chomhshaoil agus go mbainisteofar iad ar bhealach a bheidh ag luí leis na cuspóirí tairbhí eacnamaíocha, sóisialta agus fostaíochta a bhaint amach, agus lena gcuirfear le hinfhaighteacht soláthairtí bia. Foráiltear leis freisin go bhfuil an tAontas le cur chuige an réamhchúraim a chur i bhfeidhm i leith bainistiú iascaigh, agus go mbeidh mar aidhm leis a áirithiú go ndéanfaidh saothrú bheo-

¹ IO L 444, 31.12.2020, lch. 14–1462.

² Cinneadh (AE) 2020/2252 ón gComhairle an 29 Nollaig 2020 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, agus an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bhaineann le nósanna imeachta slándála le haghaidh malartú agus cosaint faisnéise rúnaicmithe, IO L 444, 31.12.2020, lch. 2–10.

³ Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 agus (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

acmhainní bitheolaíocha na mara líon na speiceas atá á saothrú a athbhunú agus a chothabháil ag leibhéil atá in acmhainn an uastáirgeacht inbhuanaithe a tháirgeadh.

Ina theannta sin, foráiltear leis go bhfuil an tAontas le bearta bainistíochta agus caomhnaithe a dhéanamh ar bhonn na comhairle eolaíche is fearr atá ar fáil, le tacú le forbairt an eolais eolaíoch agus na comhairle eolaíche, le hábhar muirí aischurtha a dhíchur de réir a chéile agus le modhanna iascaireachta a chur chun cinn a chuideoidh le hiascaireacht níos roghnaí agus le gabhálacha de thaisme a sheachaint agus a laghdú a mhéid is féidir, agus le hiascaireacht a bhfuil tionchar íseal aici ar an éiceachóras muirí agus ar acmhainní iascaigh.

Thairis sin, foráiltear go sonrach le hAirteagal 28 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 go bhfuil na cuspóirí agus na prionsabail sin le cur i bhfeidhm ag an Aontas agus a chaidreamh seachtrach iascaigh á sheoladh aige. De réir Airteagal 33 den Rialachán sin, déanfaidh an tAontas gach iarracht teacht ar shocruithe coiteanna maidir le hiascaireacht a dhéanamh ar stoic chomhroinnte d'fhonn go bhféadfaí an bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh.

Mar fhorbairt ar an gcur chuige i bpáipéar leathoifigiúil an Choimisiúin a cuireadh faoi bhráid na Comhairle an 7 Eanáir 2021 (doic. 5031/21) agus ar an bpáipéar athbhreithnithe leathoifigiúil, ina raibh soiléirithe breise ar an bpróiseas, a cuireadh faoi bhráid na Comhairle an 14 Eanáir 2021 (doic. 5031/1/21 REV 1), agus treoraíocht ón gComhairle mar a léiríodh i ndoiciméad 5543/21 an 26 Eanáir 2021 á cur san áireamh, is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sna comhairliúcháin leis an Ríocht Aontaithe a bhunú, comhairliúcháin chun TACanna a shocrú i leith stoic chomhroinnte le haghaidh na bliana 2021 agus i leith stoic áirithe dhomhainfharraige le haghaidh na mblianta 2021-2022.

Le linn an phróisis chomhairliúcháin iomláin, ní mór a áirithiú go mbeidh an Chomhairle rannpháirteach go hiomlán agus go tráthrialta, nuair is iomchuí, trí bhithin comhordú agus comhar cuimsitheach idir an Chomhairle agus an Coimisiún le linn an phróisis seo. Lorgóidh an Coimisiún formhuiniú maidir le seasamh an Aontais i gcomhar leis an gComhairle ar an leibhéal iomchuí, lena n-áirítear treoraíocht sula dtabharfar na comhairliúcháin leis an Ríocht Aontaithe i gcích. Beidh plé ag seirbhísí an Choimisiúin leis an Meitheal um Iascach go tráthúil roimh gach babhta comhairliúcháin, lena n-áirítear an bealach chun cinn a chur chun cinn maidir leis an gcéad bhabhta eile, agus tuairisceoidh siad don Mheitheal tar éis gach babhta comhairliúcháin. Tabharfar cuireadh do na Ballstáit páirt a ghlacadh i gcáil chomhaltaí thoscaireacht an Aontais Eorpaigh. Áireofar comhordúchán *in situ*.

3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag na cruinnithe maidir le comhairliúcháin leis an Ríocht Aontaithe d'fhonn TACanna a bhunú i leith stoic chomhroinnte le haghaidh 2021 agus i leith stoic áirithe dhomhainfharraige le haghaidh 2021 agus 2022.

4. BUNÚS DLÍ

4.1. Bunús dlí don nós imeachta

4.1.1. Prionsabail

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), déantar foráil maidir le cinntí lena leagtar síos 'na seasaimh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlínfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe'.

Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais a bhunú maidir leis na socrúithe arna ndéanamh idir na Páirtithe atá ag cur chun feidhme an TAC maidir le deiseanna iascaireachta laistigh den chreat dlíthiúil is infheidhme de chuid an Aontais.

4.1.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo

Go dtí go ndaingneofar agus go dtabharfar i bhfeidhm an Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe ('TCA') beidh feidhm shealadach aige amhail ón 1 Eanáir 2021. I gcomhréir leis an gComhaontú Trádála agus Comhair, is gá don Aontas dul i gcomhairle leis an Ríocht Aontaithe maidir le bainistiú comhpháirteach acmhainní comhroinnte bitheolaíocha na mara le haghaidh 2021, go háirithe bainistiú stoc éisc comhroinnte. Tá oibleagáid den sórt sin i gcomhréir le hAirteagal 63 de Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige (UNCLOS).

Tá gá le comhairliúcháin idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe toisc go bhfuil orthu socrú a dhéanamh de bhun Airteagal FISH.6(2), FISH.6(4) (a) go (d) agus FISH.6(6) den Chomhaontú Trádála agus Comhair maidir le deiseanna iascaireachta agus coinníollacha a bhfuil dlúthbhaint acu leis na deiseanna sin le haghaidh na bliana féilire 2021 agus le haghaidh 2021-2022 i leith stoic áirithe dhomhainfharraige, amhail ón 1 Eanáir 2021.

Cé gur shocraigh an tAontas deiseanna iascaireachta, arna mbunú ag an gComhairle⁴, ón 1 Eanáir 2021, ba cheart iad a chomhaontú leis an Ríocht Aontaithe faoi Airteagal FISH.6 TCA.

Ní dhéantar creat institiúideach an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair a fhorlíonadh ná a leasú leis na gníomhartha atá beartaithe. Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí nós imeachta le haghaidh an Chinnidh atá beartaithe.

4.2. Bunús dlí substainteach

4.2.1. Prionsabail

An bunús dlí substainteach le haghaidh Cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe agus a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má shaothraítear dhá aidhm leis an ngníomh sin nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna sin nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile mar aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an Cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

4.2.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo

Baineann príomhchuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe le socrú na ndeiseanna iascaireachta.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 43(3) CFAE bunús dlí substainteach don Chinneadh atá beartaithe. Is é Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 an bunús dlí lena leagtar amach na prionsabail atá le léiriú leis an seasamh seo.

4.3. Conclúid

Ba cheart Airteagal 43(3) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE, a bheith mar bhunús dlí don Chinneadh atá beartaithe.

⁴ Le Rialachán (AE) 2021/92 ón gComhairle an 28 Eanáir 2021 lena socraítear le haghaidh 2021 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad IO L 31, 29.1.2021, lch. 31-192.

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sna comhairliúcháin leis an Ríocht Aontaithe chun gabhálacha iomlána incheadaithe (TACanna) a chomhaontú le haghaidh 2021 agus i leith stoic áirithe dhomhainfharraige le haghaidh 2021 agus 2022

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(3), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Ag gníomhú dó ar údarú ón gComhairle le Cinneadh (AE) 2020/2252⁵, an 30 Nollaig 2020 shínigh an tAontas an Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile ('An Comhaontú Trádála agus Comhair')⁶, agus tá feidhm shealadach aige amhail ón 1 Eanáir 2021.
- (2) Faoi Airteagal FISH.2 den Chomhaontú Trádála agus Comhair, thoiligh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe go n-oibreodís i gcomhar le chéile d'fhonn a áirithiú go mbeidh gníomhaíochtaí iascaireachta ar stoic chomhroinnte ina n-uisceí inbhuanaithe san fhadtéarma ó thaobh an chomhshaoil de agus go rannchuideoidh siad le tairbhí eacnamaíocha agus sóisialta a bhaint amach, agus cearta agus oibleagáidí na Stát cósta neamhspleách á n-urramú go hiomlán de réir mar a fheidhmíonn na Páirtithe iad. An t-aon chuspóir amháin atá ag an dá Pháirtí stoic chomhroinnte a shaothrú ag rátaí atá beartaithe chun an speiceas atá á shaothrú a choinneáil agus a athbhunú, de réir a chéile, os cionn na leibhéal bithmhaise atá in acmhainn an uastáirgeacht inbhuanaithe a tháirgeadh.
- (3) I gcomhréir leis an gComhaontú Trádála agus Comhair, is gá don Aontas dul i gcomhairle leis an Ríocht Aontaithe maidir le bainistiú comhpháirteach acmhainní comhroinnte bitheolaíocha na mara, go háirithe stoic éisc chomhroinnte.
- (4) De bhun Airteagal FISH.6 den Chomhaontú Trádála agus Comhair, tá an tAontas agus an Ríocht Aontaithe le dul i mbun comhairliúchán chun teacht ar chomhaontú maidir le gabhálacha iomlána incheadaithe ('TACanna') i leith stoic chomhroinnte le

⁵ Cinneadh (AE) 2020/2252 ón gComhairle an 29 Nollaig 2020 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, agus an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bhaineann le nósanna imeachta slándála le haghaidh malartú agus cosaint faisnéise rúnaicmithe, IO L 444, 31.12.2020, lch. 2–10.

⁶ IO L 444, 31.12.2020, lch. 14–1462.

haghaidh 2021 agus i leith stoic áirithe dhomhainfharraige le haghaidh 2021 agus 2022.

- (5) Ba cheart don Choimisiún na comhairliúcháin bhliantúla a bhaineann le hiascaigh a dhéanamh ar bhonn sheasaimh an Aontais atá le bunú ag an gComhairle i gcomhréir le forálacha ábhartha an Chonartha.
- (6) Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún dul i mbun comhairliúcháin leis an Ríocht Aontaithe maidir le deiseanna iascaireachta den sórt sin a shocrú. Ní mór a áirithiú go mbeidh an Chomhairle rannpháirteach go hiomlán agus go tráthrialta sa phróiseas sin trí bhíthin comhordú agus comhar cuimsitheach idir an Chomhairle agus an Coimisiún.
- (7) Ba cheart Parlaimint na hEorpa a chur go hiomlán ar an eolas láithreach maidir le gach céim den phróiseas, mar a fhoráiltear in Airteagal 218(10) CFAE ionas go mbeidh sí in ann a sainphribhléidí a fheidhmiú go hiomlán i gcomhréir leis na Conarthaí.
- (8) Ba cheart don cheanglas maidir le comhairliúchán agus tuairisciú a bheith i gcomhréir le cumhachtaí seachtracha ionadaíochta an Choimisiúin agus leis an gceanglas sin ba cheart a áirithiú go mbeidh toradh mear tráthúil ar na comhairliúcháin. Ba cheart don mhodh oibre arna bhunú ceart tionscnaimh an Choimisiúin a urramú.
- (9) Faoin gComhairle atá sé an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sna comhairliúcháin leis an Ríocht Aontaithe a bhunú chun TACanna a shocrú le haghaidh na bliana 2021 agus i dtaca le stoic áirithe dhomhainfharraige le haghaidh na mblianta 2021-2022.
- (10) Le hAirteagal 2(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁷, foráiltear go bhfuil an tAontas lena áirithiú go mbeidh gníomhaíochtaí iascaireachta agus dobharshaothraithe inbhuanaithe san fhadtéarma ó thaobh an chomhshaoil agus go mbainisteofar iad ar bhealach a bheidh ag luí leis na cuspóirí tairbhí eacnamaíocha, sóisialta agus fostaíochta a bhaint amach, agus lena gcuirfear le hinfhaighteacht soláthairtí bia.
- (11) Foráiltear le hAirteagal 2(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 freisin go bhfuil an tAontas le cur chuige an réamhchúraim a chur i bhfeidhm i leith bainistiú iascaigh, agus go bhfuil sé chun a bheith mar aidhm leis a áirithiú go ndéanfaidh saothrú bheo-acmhainní bitheolaíocha na mara líon na speiceas atá á saothrú a athbhunú agus a chothabháil os cionn leibhéil atá in acmhainn an uastáirgeacht inbhuanaithe a tháirgeadh. Thairis sin, ba cheart do bhainistiú iascaigh a bheith i gcomhréir le Deastádas Comhshaoil a bhaint amach faoin Treoir Réime um Straitéis Mhuirí (Airteagal 2(5)(j)). Ina theannta sin, le hAirteagal 2(5) foráiltear go bhfuil an tAontas le tacú le forbairt an eolais eolaíoch agus na comhairle eolaíche, le hábhar muirí aischurtha a dhíchur de réir a chéile agus le modhanna iascaireachta a chur chun cinn a chuideoidh le hiascaireacht níos roghnaí agus le gabhálacha de thaisme a sheachaint agus a laghdú a mhéid is féidir, agus le hiascaireacht a bhfuil tionchar íseal aici ar an éiceachóras muirí agus ar acmhainní iascaigh. Le hAirteagal 3(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, foráiltear go bhfuil an tAontas le bearta bainistíochta agus caomhnaithe a dhéanamh ar bhonn na comhairle eolaíche is fearr atá ar fáil. Ina

⁷ Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 agus (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle, IO L 354, 28.12.2013, lch. 22.

theannta sin, le hAirteagal 28 den Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 sin, foráiltear go sonrach go bhfuil na cuspóirí agus na prionsabail sin le cur i bhfeidhm ag an Aontas agus a chaidrimh sheachtracha iascaigh á stiúradh aige, agus le hAirteagal 33 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 soláthraítear na prionsabail agus na cuspóirí maidir le bainistiú stoc ar leas coiteann iad don Aontas agus do thríú tíortha agus comhaontuithe maidir le malartú agus bainistiú comhpháirteach.

- (12) Cé go bhfuil deiseanna iascaireachta socraithe ag an Aontas ón 1 Eanáir 2021⁸ i gcomhréir le hAirteagal FISH.7 TCA, ba cheart iad sin a chomhaontú leis an Ríocht Aontaithe.
- (13) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais le linn na gcomhairliúcháin a bhunú, ós rud é gur cheart toradh na gcomhairliúcháin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leagtar amach an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sna comhairliúcháin leis an Ríocht Aontaithe maidir leis na deiseanna iascaireachta a shocrú i leith stoic chomhroinnte le haghaidh 2021 agus i leith stoic áirithe dhomhainfharraige le haghaidh 2021-2022 in Iarscríbhinn I agus II.

Airteagal 2

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

⁸ Rialachán (AE) 2021/92 ón gComhairle an 28 Eanáir 2021 lena socraítear na deiseanna iascaireachta le haghaidh na bliana 2021 i leith stoic éisc áirithe agus i leith grúpaí de stoic éisc is infheidhme in uiscí an Aontais agus, maidir le soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, IO L 31, 29.1.2021, lch. 31-192.